Ábhar: #

Anailís agus Plé a Dhéanamh Grianghraif Stairiúla - Rogha na Sochraidí Poiblí i Reilig Ghlas Naíon

Nóta: Díríonn an ceacht seo ar ghrianghraif de rogha na sochraidí poiblí i Reilig Ghlas Naíon. Dearadh é chun úsáid a bhaint as i ranganna Sinsearacha Iar-Bhunscoile.

Torthaí Foghlama

Déanfaidh na mic léinn:

- anailís ar rogha grianghraf ó na sean-laethanta.
- a gcuid tuairimí a phlé leis an rang.
- comparáid idir a mbreithiúnais féin agus an fhaisnéis chomhthéacsúil atá ar fáil faoi gach grianghraf.
- a gcuid thuiscint ar shochraidí poiblí sa stair a fhorbairt.
- smaoineamh criticiúil ar na buntáistí agus na dúshláin a bhaineann le grianghraif a úsáid mar phríomhfhoinse faisnéise.
- an cur chuige seo a chur i bhfeidhm maidir le hanailís ar íomhánna stairiúla eile.

Cuireadh tús le traidisiún na sochraidí poiblí i Reilig Glasnevin sa 19ú haois. Mheall sochraidí na ndaoine cáiliúla mar 'An Fuascailteoir' Dónall Ó Conaill agus 'Rí na hÉireann Gan Choróin' Charles Stewart Parnell na sluaite ollmhóra go dtí Baile Átha Cliath agus go Reilig Glasnevin. Téigh go dtí Amlíne na Tairsí Foghlama agus faigh Mapa na Sáráiteanna i leith Seanchiorcal an Chonallaigh. Gheobhaidh tú anseo sceitsí, tuairiscí nuachtáin agus faisnéis eile faoi shochraid Dónall Uí Chonaill ar an 5 Lúnasa 1847.

Íomhá le cead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ón London Illustrated News. Cruinníonn na sluaite lasmuigh de theach Dhónall Uí Chonaill (Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath) ar lá a sochraide

Smaointe chun tosú leo:

- Seisiún Diansmaoinimh: Iarr ar na mic léinn smaoineamh ar ghrianghraif i gcuimhne leo sa stair (m.sh. na Meiriceánaigh ar an nGealach nó cuairt an Uachtaráin Kennedy ar Éirinn sa bhliain 1963). D'fhéadfadh na mic léinn úsáid a bhaint as a gcuid leabhar staire chun samplaí a aithint sa rang nó b'fhéidir go dtaispeánfaidh an múinteoir roinnt samplaí don rang. Pléphointí: Cad a chuireann na híomhánna seo i gcuimhne duit? An duine? An áit? An ócáid? An bhfuil iontas nó ionadh ann, b'fhéidir? Nó an grianghraf féin? B'fhéidir gur cumadh nó gur athraíodh ar bhealach éigin é?
- Iarr ar na mic léinn an eangach shimplí seo a líonadh isteach ag tús an ábhair seo agus filleadh air ag deireadh an ábhair (is féidir á líonadh isteach i gcóipleabhair).

Pointí Díospóireachta:

- Conas a fhágann na híomhanna seo rian ort?
- An duine?
- An áit?
- An t-atmaisféar?
- Ar chuir na hábhair iontas nó uafás ort bhféidir?
- An é an griangraf féin é bhféidir? An raibh sé ullmhaithe roimh ré nó athraithe ar chaoi ar bith?

Agus staidéar á dhéanamh agat ar na seanlaethanta...

Cad iad na buntáistí a bhaineann le grianghraif a úsáid mar phríomhfhoinse?	Cad iad na dúshláin a bhaineann le grianghraif a úsáid mar phríomhfhoinse?
Réamh-ábhar	
Iar-ábhar	

An Cur Chuige a Mholtar sa Rang

(Tógfar níos mó ná ceacht amháin chun an ábhar chríochnú.)

Céim 1. Roinn an rang i ngrúpaí agus tabhair tascanna ar leith do gach ball den ghrúpa: Maor Ama, Maor Taifead, Reachtaire (a chinntíonn go nglacann gach mac léinn páirt sa phlé) agus Urlabhraí.

Céim 2. Déan léirmheas agus plé ar gach ceann de na híomhánna thíos. Más féidir, taispeáin an íomhá agus méadaigh í ar an gclár bán agus/nó déan cóipeanna a phriontáil do gach grúpa. Chun tús a chur leis, b'fhéidir go roghnódh an múinteoir íomhá amháin a roghnú agus léirmheas a dhéanamh air leis an rang uile - ionas go dtuigeann na mic léinn an cur chuige atá ann. Ansin is féidir leis na mic léinn léirmheas a dhéanamh ina ngrúpaí ar na híomhánna atá fágtha.

Céim 3. . Tar éis gach grianghraf a scrúdú, tabhair an dóthain ama chun aiseolas a fháil ó gach grúpa agus chun taifead a dhéanamh ar fhreagraí na mac léinn.

Céim 4. Céim 4. Téigh go dtí an chuid 'Tuilleadh Faisnéise' (tá faisnéis chomhthéacsúil le fáil ann) ag deireadh an cheachta chun fíricí a fháil maidir le gach grianghraf agus leis an duine stairiúil i gceist. An raibh na mic léinn ar an mbealach ceart lena gcuid léirmheasanna agus a gcuid tuairimí?

(B'fhéidir gur mhaith leat oibriú trí na híomhánna go léir ag an am céanna agus ansin dul chuig an chuid 'Tuilleadh Faisnéise', nó oibriú trí gach íomhá agus an fhaisnéis chomhthéacsúil lena baineann ceann ar cheann.)

Céim 5. Tá leideanna díospóireachta ar fáil sa chuid 'Tuilleadh Faisnéise'. Tá siad seo le húsáid ag na mic léinn tar éis dóibh léirmheas a dhéanamh ar an íomhá agus an fhaisnéis chomhthéacsúil a léamh; nochtfadh a mhalairt freagraí a d'fhéadfadh na mic léinn a bhaint amach go neamhspleách.

Céim 6. Tabhair freagra ar na Gníomhaíochtaí Machnaimh agus Leathnaithe thíos.

Nótaí

Gníomhaíochtaí Machnaimh (Iar-ábhar)

- Conas a baineadh úsáid as sochraidí áirithe mar ócáidí poiblí? (D'fhéadfadh na mic léinn díriú ar bliain {comhthéacs} na sochraide; cén imeachtaí suntasacha eile a bhí ar siúl ag an am seo? Cén fáth ar eagraíodh an tsochraid mar ócáid phoiblí? Ar thug sí an deis do dhaoine bailiú le chéile agus cén fáth?)
- Cé hiad na daoine stairiúla is aitheanta do na mic léinn? Ar pléadh éinne nach raibh aithne ag an rang orthu roimh ré?
- Iarr ar na mic léinn machnamh a dhéanamh ar na cineálacha faisnéise a bhí siad in ann a fhoghlaim ó na grianghraif. Cén sórt faisnéise nach raibh le fáil nó nach raibh a dóthain le fáil ó na grianghraif?
- Mic Léinn: Déan machnamh ar an ábhar seo agus liostáil 5 mhír faisnéise nua a d'aimsigh tú i leith na seanlaethanta. Déan an liosta seo a roinnt leis an rang.

Gníomhaíochtaí Leathnaithe

Agus ag brath ar an gcomhthéacs agus ar ábhair spéise an ranga, iarr ar gach mac léinn grianghraf stairiúil oiriúnach a roghnú as creat ama/catagóir:

a. Deich mBliana na gComórtha Céad Bliain

b. An Stair Dhomhanda

c. Stair na hÉireann i gcoitinne

- Agus úsáid á baint acu as an gcur chuige a leagadh amach le linn na gceachtanna seo, déanfaidh na mic léinn léirmheas ar an íomhá agus cuirfidh siad léiriú i leith a ngrianghraf stairiúil roghnaithe i láthair don rang ar feadh 3-5 nóiméad.

Nótaí

- Ba chóir do na mic léinn smaointeoireacht chriticiúil a chur i bhfeidhm ar an obair seo agus aird a tharraingt ar na buntáistí agus na dúshláin a bhaineann lena n-íomhá roghnaithe a úsáid mar fhoinse faisnéise chun scrúdú a dhéanamh ar na seanlaethanta.
- Ba cheart faisnéis chomhthéacsúil a chur leis chomh maith toisc go dtabharfaidh sé seo tuiscint níos fairsinge don rang i leith an ghrianghraf roghnaithe. .

Grianghraf 1: Image Dublin Cemeteries Trust

Grianghraf 1

An raibh a fhios agat? Tá an bun-ghrianghraf dubh agus bán. Roimh chomóradh céad bliain na hócáide sa phictiúr, rinne speisialtóir an bun-ghrianghraf a dhathú tar éis dó taighde bunaidh a dhéanamh ar gach mionsonra chun a chruinneas stairiúil a chinntiú. Rinneadh tagairt ar éidí na nÓglach nuair ab fhéidir é chun a chinntiú go raibh gach dath ceart á úsáid!

1. Déan cur síos ar cad a bhfuil ag tarlú ag an sochraid seo. Ag an am a gabhadh an íomhá, cad a bhí mar phríomhócáid agus/nó cad ar ar díríodh an aird?

2. Scrúdaigh an grianghraf ina iomlán. Cé mhéad grúpa ar leith is féidir leat a aithint?

Leid: Ba reiligirí iad na fir sna cótaí bána.

3. Cad iad na míreanna faisnéise a thugann tú faoi deara fúthu siúd atá i láthair? Smaoinigh ar aois, gothaí, gnúis, conas a bhfuil siad gléasta, srl. An gcuireann rud ar bith san íomhá seo iontas ort?

4. Pléigh an radharc ina hiomlán. Déan an íomhá a roinnt ina codanna: an Tosach, an Lár agus an Cúlra.

5. Cén fáth ar ghabh an grianghrafadóir an nóiméad seo ar leith? Cén aidhm a d'fhéadfadh a bheith le grianghraf mar seo a thógáil?

6. Gan aon fhianaise eile agat - seachas an fhoinse fhísiúil seo - cad is féidir leat a rá i leith:

a. An té gur leis an sochraid?

b. Comhthéacs an ré?

c. Cathain a tógadh an grianghraf (smaoinigh ar an gcéad nó ar an deich mbliana)?

d. B'fhéidir gur mhaith leat buille faoi thuairim a dhéanamh faoi chéannacht nó faoi shaol an té a fuair bás.

7. Cad iad na buntáistí dar leat a bhaineann le híomhánna daite a úsáid chun staidéar a dhéanamh ar ócáid as na seanlaethanta? An gceapann tú go bhfuil aon deacrachtaí ann maidir le húsáid a bhaint as a leithéid híomhánna?

8. An bhfuil aon cheist agat faoi na rudaí atá le feiscint agat?

Féach ar an mórphictiúr

Dírigh ar na sonraí

Féach ar:
- An cúlra
- An talamh lair
- An tosach

(Nóta: *Leanann gach ceann de na híomhánna a leanas an téama céanna . Mar sin féin, tá difríochtaí ann idir na h-íomhánna ar leith. Cabhraíonn na héagsúlachtaí seo le tuilleadh sonraí a chur in iúl faoi chéannacht gach duine atá i gceist.)*

Grianghraf 2



Íomhá le cead
Leabharlann Náisiúnta
na hÉireann

Grianghraf 2

1. Déan cur síos ar cad a bhfuil ag tarlú ag an sochraid seo. Ag an am a gabhadh an íomhá, cad a bhí mar phríomhócáid agus/nó cad ar ar díríodh an aird?

2. Scrúdaigh an grianghraf ina iomlán. Cé mhéad grúpa ar leith is féidir leat a aithint?

Leid: Ba reiligirí iad na fir sna cótaí bána.

3. Pléigh an radharc ina hiomlán. Déan an íomhá a roinnt ina codanna: an Tosach, an Lár agus an Cúlra.

4. Cad iad na míreanna faisnéise a thugann tú faoi deara fúthu siúd atá i láthair?

   - **Smaoinigh ar aois, gothaí, gnúis, conas a bhfuil siad gléasta, srl.**
   - **An gcuireann rud ar bith san íomhá seo iontas ort?**

5. Cén fáth dar leat ar ghabh an grianghrafadóir an nóiméad seo ar leith?

6. Gan aon fhianaise eile agat - seachas an fhoinse fhísiúil seo - cad is féidir leat a rá i leith:

a. An té gur leis an sochraid?

b. Comhthéacs an ré?

c. Cathain a tógadh an grianghraf (smaoinigh ar an gcéad nó ar an deich mbliana)?

d. B'fhéidir gur mhaith leat buille faoi thuairim a dhéanamh faoi chéannacht nó faoi shaol an té a fuair bás.

7. An bhfuil aon cheist agat faoi na rudaí atá le feiscint agat?

Nótaí

Grianghraf 3



Íomhá le cead Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

EXPERIENCE Glasnevin IRELAND'S NATIONAL CEMETERY

Visit the Learning Portal:
www.glasnevin.crossculture.ie

Grianghraf 3

1. Déan cur síos ar cad a bhfuil ag tarlú ag an sochraid seo. Ag an am a gabhadh an íomhá, cad a bhí mar phríomhócáid agus/nó cad ar ar díríodh an aird?

2. Scrúdaigh an grianghraf ina iomlán. Cé mhéad grúpa ar leith is féidir leat a aithint?

3. Pléigh an radharc ina hiomlán. Déan an íomhá a roinnt ina codanna: an Tosach, an Lár agus an Cúlra.

4. Cad iad na míreanna faisnéise a thugann tú faoi deara fúthu siúd atá i láthair?

   - **Smaoinigh ar aois, gothaí, gnúis, conas a bhfuil siad gléasta, srl.**
   - **An gcuireann rud ar bith san íomhá seo iontas ort?**

5. Aithin an suíomh. Tabhair aird ar an gcuid den fhoirgneamh atá le feiceáil ar thaobh na láimhe deise den ghrianghraf. (Féach go géar ar an díon freisin!)

Leid: 6 bhliain sular tógadh an íomhá seo, bhí ceanncheathrú Éirí Amach 1916 lonnaithe san fhoirgneamh sin.

6. Cén fáth ar ghabh an grianghrafadóir an nóiméad agus an áit seo ar leith? Conas a gabhadh an uillinn áirithe seo, dar leat??

7. Gan aon fhianaise eile agat - seachas an fhoinse fhísiúil seo - cad is féidir leat a rá i leith:

a. An té gur leis an sochraid?

b. Comhthéacs an ré?

c. Cathain a tógadh an grianghraf (smaoinigh ar an gcéad nó ar an deich mbliana)?

d. B'fhéidir gur mhaith leat buille faoi thuairim a dhéanamh faoi chéannacht nó faoi shaol an té a fuair bás.

8. An bhfuil aon cheist agat faoi na rudaí atá le feiscint agat?

Nótaí

Grianghraf 4

Íomhá le cead Suíomh Gréasáin Ar Líne na mBailiúchán Stairiúla de chuid Ard-Mhusaem na hÉireann.

Grianghraf 4

1. Déan cur síos ar cad a bhfuil ag tarlú ag an sochraid seo. Ag an am a gabhadh an íomhá, cad a bhí mar phríomhócáid agus/nó cad ar ar díríodh an aird?
2. Scrúdaigh an grianghraf ina iomlán. Cé mhéad grúpa ar leith is féidir leat a aithint?
3. An aithníonn tú éinne ar leith??
4. Pléigh an radharc ina hiomlán. Déan an íomhá a roinnt ina codanna: an Tosach, an Lár agus an Cúlra.
5. Cad iad na míreanna faisnéise a thugann tú faoi deara fúthu siúd atá i láthair?
   - Smaoinigh ar aois, gothaí, gnúis, conas a bhfuil siad gléasta, srl. .
   - An gcuireann rud ar bith san íomhá seo iontas ort?
6. Cén fáth ar ghabh an grianghrafadóir an nóiméad agus an áit seo ar leith?
7. Gan aon fhianaise eile agat - seachas an fhoinse fhísiúil seo - cad is féidir leat a rá i leith:

a. An té gur leis an sochraid?

b. Comhthéacs an ré?

c. Cathain a tógadh an grianghraf (smaoinigh ar an gcéad nó ar an deich mbliana)?

d. B'fhéidir gur mhaith leat buille faoi thuairim a dhéanamh faoi chéannacht nó faoi shaol an té a fuair bás

8. An bhfuil aon cheist agat faoi na rudaí atá le feiscint agat?

Nótaí

Tuilleadh Faisnéise

Gheobhaidh tú tuilleadh faisnéise faoi gach grianghraf thuas agus faoin duine stairiúil atá i gceist. Múinteoirí - Bain úsáid as an bhfaisnéis seo chun an cruinneas ginearálta a sheiceáil maidir le freagraí na mac léinn ar gach grianghraf.

(Grianghraf 1)

Rugadh Diarmuid Ó Donnabháin Rosa i Ros Cairbre, Co. Chorcaí sa bhliain 1831. Bhí cónaí air in Éirinn le linn an Ghorta Mhóir agus chaill sé a athair le Fiabhras an Ghorta sa bhliain 1847. Go luath tar éis bhás a athar, chuaigh an teaghlach ar imirce go dtí Meiriceá ach d'fhan Diarmuid Óg i gCorcaigh.

Sa bhliain 1856, ba dhuine é de bhunaitheoirí Chumann Náisiúnta agus Liteartha an Fhionnuisce arb é an aidhm a bhí leis ná 'fuascailt na hÉireann le lann is lasair'. Go gairid ina dhiaidh sin, cuireadh an Donnabhánach faoi mhionn mar chomhalta de Bhráithreachas Poblachtach na hÉireann (IRB) a bunaíodh thart ar an ama seo.

Sa bhliain 1865, cúisíodh Ó Donnabháin Rosa i leith comhcheilg as éirí amach na bhFíníní. Cuireadh ar a thriail é as ard-tréas agus gearradh príosún saoil air. Agus é fós i bpríosún i Sasana, toghadh mar Fheisire Parlaimint na Breataine é i bhfothoghchán i dTiobraid Árann. Rialaíodh go raibh an toradh neamhbhailí, áfach, toisc gur príosúnach ciontaithe é. Tar éis dóibh sé bhliain a chaitheamh, scaoileadh Ó Donnabháin Rosa, in éineacht le ceathrar Fínín eile, faoin gcomhaontú nach bhfillfidís ar Éirinn ná ar aon chuid den Ríocht Aontaithe go dtí deireadh a gcuid pianbhreitheanna. D'imigh sé go Nua Eabhrac agus is ansin a ghlac sé páirt i ngluaiseacht Poblachtánach na hÉireann. D'eagraigh An Donnabhánach agus daoine eile feachtas na dínimite as a tháinig an bhuamáil i Londain agus in áiteanna eile sa Bhreatain. Sna blianta ina dhiaidh sin, d'fhill sé ar Éirinn agus thug sé camchuairt timpeall na tíre chun a scéal a insint don phobal faoina blianta a chaith sé sa phríosún i Sasana.

Fuair Ó Donnabháin Rosa bás in Ospidéal Naomh Uinseann, Oileán Staten, Nua Eabhrac, ag aois 84 bhliain. Nuair a chuala sé faoina bhás, sheol ceannaire an BPÉ (IRB), Tomás Ó Cléirigh, teileagram leis an teachtaireacht shoiléir - 'Seol a chorp abhaile láithreach '. Ag an am sin, bhí an Braithreachas ag tosú lena gcuid pleananna le haghaidh Éirí Amach na Éireann agus thug bás an Donnabhánaigh deis do na Poblachtánaigh bailiú le chéile i mBaile Átha Cliath. Bhí go leor daoine mór le rá ar choiste na sochraide (arna eagrú ag an gCléireach, agus Seán Ó Duibhí ag obair in éineacht leis i Meiriceá) agus adhlacadh cuid acu, ina measc Art Ó Gríofa, An Rathailleach, agus Cathal Brugha, taobh le Ó Donnabháin Rosa le linn na ndeich mbliana ina dhiaidh sin.



Diarmuid Ó Donnabháin Rosa

Tharla an tsochraid ar an 1 Lúnasa 1915. Luigh corp an Donnabhánaigh faoi ghradam ar feadh roinnt laethanta i Halla na Cathrach agus, ar an lá a adhlacadh é, tháinig traenacha speisialta ó gach cearn d'Éirinn. Ócáid dian-bhainistithe a bhí sa tsochraid, faoi mhaoirsiú Uí Chléirigh agus an BRÉ. Ghlac an-chuid eagraíochtaí páirt inti, ina measc: Óglaigh na hÉireann, na hÓglaigh Náisiúnta, Cumann na mBan, agus Arm Saoránach na hÉireann. Measadh go raibh 50,000 duine ag líneáil sráideanna Bhaile Átha Cliath agus na mílte ag siúl tharstu i mórshiúl na sochraide a bhí á bhainistiú ag Tomás Mac Donnchadha. Dar leis an Irish Times, tháinig 'an tsochraid isteach i Faiche an Choláiste thart ar 3 a chlog, faoi cheannas comhlacht na nÓglach agus Banna Naomh Shéamais ina theannta'; agus go raibh sé 'beagnach 6 a chlog nuair a rith an cóiste marbh trí phríomhgheataí Reilig Ghlas Naíon.' Bhailigh slua ollmhór i Reilig Ghlas Naíon. Ligeadh cead isteach ach le ticéad amháin agus bhí sé á mhaoirsiú ag coiste na sochraide. Roghnaigh Ó Cléirigh Pádraig Mac Phiarais chun óráid na huaighe a thabhairt mar ionadaí de 'ghlúin nua' na bPoblachtánach. Agus é gléasta in éide Óglaigh na hÉireann, thug an Piarsach an óráid stairiúil a chríochnaigh leis na línte, 'D'fhág siad dúinn ár bhFíníní marbh, agus cé chomh fada a bheidh na huaigheanna seo ag Éirinn, ní bheidh Éire riamh ar a suaimhneas.' Thosaigh Éirí Amach na Cásca laistigh de bhliain.

Fínín (Fenian): Baineadh gnáth-úsáid as an téarma Fínín sa 19ú haois chun tagairt a dhéanamh do ghrúpaí Poblachtánacha na hÉireann, a raibh Bráithreachas Poblachtach na hÉireann (BPÉ/IRB) agus Clan na Gael i Meiriceá ina lár.

Nóta: Bhí an grianghraf daite le feiceáil ar leathanach tosaigh de chuid *The Irish Examiner* ar an 1 Lúnasa 2015. Cén fáth ar foilsíodh é ar an dáta seo?

Pléigh

Cé chomh cruinn agus a bhí do chuid freagraí agus breithiúnas faoi Ghrianghraf 1?

B'fhéidir gur fhreagair tú i leith:

Ceist 1: Bhí óráid á tabhairt.

Ceist 2: Ar aithin tú na héide míleata agus Banna Naomh Shéamais?

Uimhir 6: Bhí spéis san sochraid seo mar gheall ar an slua mór éagsúil a bhí bailithe agus, dá bhrí sin, bhain sí le duine mór le rá.

Uimhir 7: I measc na mbuntáistí a mbaineann le grianghraif daite tá an léargas níos beoga thugann sé ar an nóiméad faoi leith, m.sh. tuilleadh sonraí, srl. I measc na ndúshlán, tá ceisteanna faoi cé chomh fíor atá na dathanna a roghnaíodh don íomhá fi gcomhthéacs an ama agus na hócáide?

Grianghraf 2

Rugadh Tomás Ághas i gContae Chiarraí sa bhliain 1885. Fuair sé oiliúint mar mhúinteoir agus bhí sé ina phríomhoide ar Scoil Náisiúnta na Coirre Duibhe i Lusca, Co. Baile Átha Cliath. Ba chainteoir Gaeilge ó dhúchas é an Aghasach; bhí suim mhór aige i gcultúr na hÉireann agus bhí sé gníomhach i gConradh na Gaeilge. Chuaigh Ághas isteach in Óglaigh na hÉireann sa bhliain 1913 ag an gcruinniú tionscnaimh sa Rotunda i mBaile Átha Cliath, agus ba bhall den IRB é chomh maith.

Le linn Éirí Amach 1916, bhí sé i gceannas ar an 5ú Cathlán (Fine Gall) Óglaigh na hÉireann in gCill Dhéagláin, Co. na Mí. Gabhadh Ághas agus cuireadh armchúirt air ar an lá céanna le Éamon de Valera. Cuireadh breith an bháis ar an mbeirt acu. Níos déanaí, iomalaíodh a gcuid pianbhreitheanna mar phianseirbhís saoil agus ba phríomhcheannairí an Éirí Amach iad a bhí beo fós. Agus é i bpríosún i Lewes, Sasana, scríobh an Ághasach an dán, *Let Me Carry Your Cross for Ireland Lord* (Ceadaigh dom, a Thiarna, do Chrois d'lompar thar ceann na hÉireann). Scaoileadh saor é in ollmhaithiúnas ginearálta na bpríosúnach Poblachtánacha i mí Mheitheamh na bliana 1917 agus bhailigh slua 4,000 duine i gCiarraí chun fáilte a chur roimh fhilleadh an Ághasaigh agus a chomh-Chiarraíoch, Aibhistín de Stac[1].

Gabhadh Ághas arís i mí Lúnasa, áfach. Tar éis dó óráid a thabhairt i gContae an Longfoirt, gabhadh é ar an gcúis as iarracht a dhéanamh 'míshástacht a chur faoi deara'. D'éiligh na príosúnaigh Phoblachtánacha sa Mhoinseo go measfaí mar phríosúnaigh pholaitiúla iad (sé sin, ní mar phríosúnaigh choiriúla). Níor géilleadh na héilimh seo agus chuir an Ághasach, in éineacht le roinnt dá chomhghleacaithe, tús le stailc ocrais sa phríosún ar an 20 Meán Fómhair 1917. Bhrúigh údaráis an phríosúin an bia go forneartach isteach ann agus fuair sé bás óna dhrochíde ar an 25 Meán Fómhair 1917. N raibh sé ach 32 bhliain d'aois ag an am.

B'ócáid rí-thábhachtach do na heagraíochtaí Poblachtánacha í sochraid Thomáis Ághais ar an 30 Meán Fómhair 1917 agus reáchtáladh léirsithe móra sa phríomhchathair. Ba é a chéad sochraid phoiblí a tharla tar éis Éirí Amach 1916 agus bhí an-chuid cosúlachtaí ann le sochraid eagraithe Diarmuid Ó Donnabháin Rosa, nár tharla ach dhá bhliain roimhe sin. Tháinig eagrú sochraide an Ághasaigh de réir mar a bhí an Ghluaiseacht Phoblachtánach ag teacht chuige arís tar éis an Éirí Amach agus thug sé deis an t-atheagrú seo a thaispeáint go poiblí. I measc na mílte a ghlac páirt i mórshiúl na sochraide bhí baill na n-eagraíochtáí mar Óglaigh na hÉireann, na Ceardchumainn, Arm Saoránach na hÉireann agus Cumann na mBan.

Image Dublin Cemeteries Trust.

[1] C.J. Woods agus William Murphy, Thomas Ashe, in The Dictionary of Irish Biography, https://www.dib.ie/biography/ashe-thomas-tomas-aghas-a0247

‘Thóg an tsocraid bealach timpeallach go dtí Glas Naíon ionas gur rith sí thar shuíomhanna a raibh baint acu le laochra marbh na hÉireann - suas ar an tSráid Ard, rith sí thart ar Halla na dTáilliúirí inar bhuail Wolfe Tone agus na hÉireannaigh Aontaithe le chéile roimh éirí amach na hÉireann 1798, agus suas trí Sráid Thomáis, áit ar rith sí thar shuíomh crocadh Robert Emmet, a bhfuil cuimhne fós air in amhrán agus scéal i leith an éirí amach a theip sa bhliain 1803.

Ar ais ar na Céanna, lean sí ar aghaidh gar do Na Ceithre Cúirteanna agus, amach ó sin go dtí Sráid Uí Chonaill, rith sí thart ar Ardoifig an Phoist, suíomhanna tábhachtacha an Éirí Amach 1916. Ba í mar theachtaireacht aici anseo ná go raibh an Ághasach, agus é anois ina sheal féin, ag dul isteach i bpaintéón na laochra a fuair bás ar son saoirse na hÉireann[2].

Tháinig meadú mór ar an tacaíocht don chúis na Poblachta mar thoradh ar bhás an Ághasaigh. Shiúil na mílte ina nduine agus ina nduine thart ar an gcónra agus é ina luí faoi ghradam i Halla na Cathrach agus measadh go raibh 30-40,000 duine ag líneáil sráideanna Bhaile Átha Cliath agus an tsochraid ag gabháil thart. Dar leis an *Irish Independent* ar an 1 Deireadh Fómhair, ‘Bhí Baile Átha Cliath inné ina chathair ina raibh caoineadh beagnach uilíoch ann don Uasal Tomás Ághas, nach maireann.’ Rinne a lán nuachtán trácht chomh maith ar an ‘gcruinneas míleata’ maidir le imeachtaí an lae.

Lean an mórshiúl go dtí Reilig Glas Naíon agus scaoileadh rois piléar thar uaigh Thomáis Ághais. Ba é Mícheál Ó Coileáin, 27 mbliain d’aois aige ag an am, a thug an óráid a dúirt leis na sluaite a bhí bailithe, ‘Níl a thuilleadh le rá anois. Sí an rois piléar sin a chualamar díreach an t-aon óráid is cóir a dhéanamh cois uaigh Fhínín mharbh’.

[2] An Dr. Mary McAuliffe, ‘*Carrying a cross for Ireland: Thomas Ashe in profile*’ (Ag iompar an chrois thar ceann na hÉireann: Próifíl Thomáis Ághais), https://www.rte.ie/centuryireland/index.php/articles/carrying-a-cross-for-ireland-thomas-ashe-in-profile

Pléigh

Cé chomh cruinn agus a bhí do chuid freagraí agus breithiúnas faoi Ghrianghraf 2?

B’fhéidir gur fhreagair tú i leith:

Ceist 1: Bhí rois piléar á scaoileadh.

Ceist 3: Ar aithin tú na sluaite agus iad siúd atá ina seasamh ar na leachtanna cuimhneacháin sa chúlra chun radharc níos fearr a fháil?

Ceist 6: Bhí spéis sa tsochraid seo mar gheall ar an slua mór éagsúil agus, dá bhrí sin, ba i leith dhuine mór le rá í. Ar fhianise na n-éide, bhí baint ag an duine seo le heagraíocht mhíleata, srl.

Grianghraf 3

Rugadh Mícheál Ó Coileáin i 1890 i nDoire Luain, Cloich na Coillte, Co. Chorcaí, an duine is óige de ochtar leanaí. Ag 16 bliana d'aois, chuaigh sé ar imirce chun obair i Londain agus chuaigh sé isteach i mBráithreachas Poblachtach na hÉireann(BPÉ) sa bhliain 1909.

Rugadh Mícheál Ó Coileáin i 1890 i nDoire Luain, Cloich na Coillte, Co. Chorcaí, an duine is óige de ochtar leanaí. Ag 16 bliana d'aois, chuaigh sé ar imirce chun obair i Londain agus chuaigh sé isteach i mBráithreachas Poblachtach na hÉireann(BPÉ) sa bhliain 1909. Deirtear gur mhionnaigh a chomh-Chorcaíoch, Sam Mag Uidhir, an Coileánach isteach sa BPÉ. I Londain, bhí Ó Coileáin gníomhach i gConradh na Gaeilge agus sa CLG. Glacadh mar bhall d'Óglaigh na hÉireann é agus d'fhill sé ar Éirinn le haghaidh Éirí Amach 1916. D'fhreastail sé mar aide-de-camp (cúntóir míleata) do Sheosamh Pluincéid in Ardoifig an Phoist.

Tar éis an Éirí Amach, gabhadh Ó Coileáin agus cuireadh chuig campa príosúin Fron Goch sa Bhreatain Bheag é; is anseo a tháinig sé chun cinn mar cheannaire cumhachtach. Nuair a scaoileadh saor é, thosaigh an Coileánach ag atheagrú an BPÉ agus Óglaigh na hÉireann (ar a tugadh as Béarla an IRA go luath ina dhiaidh sin). In Olltoghchán na bliana 1918, toghadh é mar fheisire ar Chorcaigh Theas. Bhí beartas an staonta á leanúint ag Sinn Féin agus bhunaigh siad an Chéad Dáil ar an 21 Eanáir 1919. Sa Chéad Dáil, ceapadh an Coileánach mar Aire Gnóthaí Baile agus ina dhiaidh sin mar Aire Airgeadais.

Le linn Chogadh na Saoirse, bhí Ó Coileáin ina Stiúrthóir Faisnéise d'Óglaigh na hÉireann (IRA). D'eagraigh sé soláthar na n-arm agus líonra spiaireachta. Troideadh an cogadh ar bhonn na treallchogaíochta -bunaithe ar na colúin reatha - i gcoinne Fhórsaí an Choróin. Chuir Ó Coileáin an 'Scuad' le chéile, buíon oilte fir gunna a bhí mar aidhm acu díriú ar na spiairí agus ar líonraí na sceithirí de chuid na Breataine a bhí ag obair in Éirinn. Glaodh sos cogaidh ar an 11 Lúil 1921 agus roghnaíodh an Coileánach mar cheann de na toscairí chun freastal ar an idirbheartaíocht i Londain le Rialtas na Breataine. Síníodh an Conradh Angla-Éireannach ar an 6 Nollaig 1921. Chreid Ó Coileáin gur bhunchloch chun lán-neamhspleáchas a bhaint amach í an Conradh. De réir mar a d'fhill na toscairí ar Éirinn tuairiscíodh go ndúirt sé, 'Táim tar éis mo bharántas báis féin a shíniú'.

D'fhás an scoilt idir iad siúd a bhí i bhfábhar an Chonartha agus iad siúd ina choinne agus cuireadh tús le Cogadh na gCarad i mí Meitheamh na bliana 1922. Ceapadh an Coileánach mar Cheannasaí ar Arm Náisiúnta Shaorstát Éireann. Ar an 22 Lúnasa 1922, rinneadh luíochán roimh an gCoileánach, agus é ag taisteal le colún míleata, gar do shráidbhaile Béal na mBláth ar an mbóthar ó Dhroichead na Bandan go dtí cathair Chorcaí. Lámhachadh agus maraíodh Mhícheál Ó Coileáin. Ní raibh ach 31 bhliain d'aois slánaithe aige ag an am.



Íomhá le cead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

Tugadh corp an Choileánaigh go Baile Átha Cliath ar bhord longa agus luigh sé faoi ghradam ar feadh trí lá i Halla Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Ritheadh a shochraid ar an 28 Lúnasa agus meastar go raibh 300,000 duine ag líneáil sráideanna Bhaile Átha Cliath. D'fhág mórshiúl na sochraide an Leas-Ardeaglais ag 12.30in agus an cónra á iompar i ngunnacharráiste capaill. Bhí na sluaite ar na bóithre taobh amuigh de Reilig Ghlas Naíon nuair a shroich mórshiúl na sochraide go gairid i ndiaidh trí uair a chlog. I go leor áiteanna sa chathair, cuireadh an obair (seachas seirbhísí riachtanacha) ar fionraí agus dúnadh gnóthais in áiteanna éagsúla sa tír fad agus a bhí Aifreann na Marbh á cheiliúradh. Scaoileadh rois trí philéar agus thug an Ginearál Risteárd Ó Maolcathaigh an óráid cois uaighe. Dar leis an Irish Independent, bhí mórshiúl na sochraide trí mhíle ar fhad agus gur 'Ómós Dochreidte' agus gurbh í an 'Tóstal is Cumhachtaí an Bhróin a Chonacthas Riamh i mBaile Átha Cliath[3] ' a bhí sa tsochraid.

Is féidir leat féachaint ar fhíseán na sochraide ag
https://www.britishpathe.com/video/funeral-of-michael-collins

Pléigh

Cé chomh cruinn agus a bhí do chuid freagraí agus breithiúnas faoi Ghrianghraf 3?

B'fhéidir gur fhreagair tú i leith:

Ceist 1: Bhí an carráiste ag iompar an cónra agus ar cheann mórshiúl na sochraide.

Ceist 2: Ar thug tú faoi deara na daoine ar dhíonta foirgneamh i gcúlra agus i lár an ghrianghraif?

Ceist 5: Ar aithin tú ceann de na foirgnimh mar Ardoifig an Phoist? Dá bhrí sin, sé suíomh an ghrianghraif ná Sráid Uí Chonaill, Baile Átha Cliath.

Ceist 7: Bhí spéis sa tsochraid seo mar gheall ar an slua mór éagsúil agus, dá bhrí sin, ba i leith dhuine mór le rá í. Ar fhianise na n-éide, bhí baint ag an duine seo le heagraíocht mhíleata, srl.

[3] *The Irish Independent, 30 Lúnasa, 1922.*

Grianghraf 4

Rugadh Constance Gore Booth i Londain sa bhliain 1868. Ba thiarnaí talún Angla-Éireannacha a teaghlach a bhí cónaí orthu i dTeach Lios an Daill i gContae Shligigh. Chuir máistreás oideachas ar Constance agus chaith sí a hóige idir Sasana agus Éire. Bhí suim mhór aici san ealaín agus, tar éis di teacht ar an aois, chuir sí ina luí ar a teaghlach ligean di staidéar a dhéanamh ar an Ealaín.

Thart ar an am céanna, ghlac sí páirt i ngluaiseacht na sufraigéidí agus bhí sí i gceannas ar chruinniú de Chumann Ceart Vótála Mná Shligigh sa bhliain 1896[4]. Agus í ag staidéar i bPáras, bhuail sí le cunta Polannach darb ainm Casimir Dunin-Markievicz. Phós siad i Londain agus chuir siad fúthu i mBaile Átha Cliath ina dhiaidh sin, áit ar chuir Constance spéis i bpolaitíocht an náisiúnachais agus i gceisteanna sóisialta.

Chuaigh sí le Sinn Féin sa bhliain 1908 agus bhí sí ina ball d'Inghinidhe na hÉireann, a tháinig i gcónasc le Cumann na mBan ina dhiaidh sin. Sa bhliain 1909, chomh-bhunaigh sí Na Fianna Éireann, eagraíocht náisiúnach gasóga do bhuachaillí.

Le linn Frithdhúnadh na bliana 1913, reáchtáil Markievicz cistin anraith i Halla na Saoirse chun cabhrú le teaghlaigh faoi anró. Mar bhall d'Arm Saoránach na hÉireann, ba an leascheannasaí í i bhFaiche Stiabhna agus i gColáiste na Máinlianna le linn Éirí Amach 1916. Bhí sí ina hUachtarán ar Chumann na mBan ag an am seo chomh maith. Mar dhuine mór le rá san Éirí Amach, gearradh breith an bháis ar Mharkievicz ach iomlaíodh a pianbhreith mar phianseirbhís saoil. Scaoileadh saor í in ollmhaithiúnas ginearálta na bpríosúnach Poblachtánacha i mí Mheitheamh na bliana 1917.

Sa bhliain 1918, cúisíodh Markievicz as a bheith páirteach sa 'Chomhcheilg Ghearmánach', agus gabhadh arís é. Agus í fós sa phríosún, sheas sí mar iarrthóir Shinn Féin in Olltoghchán na bliana 1918 agus toghadh í mar fheisire toghcheantar an Rannáin Phádraig i gCathair Bhaile Átha Cliath. De bharr beartas an staonta de chuid Sinn Féin, níor ghlac sí a suíochán, ach b'ise an chéad bhean riamh a toghadh do Pharlaimint na Breataine. Scaoileadh an Chuntaois Markievicz ón bpríosún i mí Márta na bliana 1919 agus ceapadh mar Aire Saothair í sa Chéad Dáil. Mar a tharla i gcás Airí eile an Chéad Dála, bhí Markievicz ar a seachaint le linn na tréimhse seo agus cuireadh faoi ghlas í faoi dhó - téarma amháin i mBaile Átha Cliath agus an ceann eile i gCorcaigh.

Chuir Markieivcz i gcoinne an Chonartha Angla-Éireannaigh agus bhí baint ghníomhach aici i gCogadh na gCarad. Thug sí camchuairt ar Mheiriceá freisin chun tacaíocht a spreagadh don ghluaiseacht Frithchonartha. Toghadh í mar Theachta Dála in Olltoghchán na bliana 1923 ach, in éineacht le Poblachtánaigh eile, dhiúltaigh sí Mionn na Dílseachta a thabhairt do Rí na Breataine agus, mar sin, ní raibh sí in ann a suíochán a ghlacadh sa Dáil. Gabhadh í mar gheall ar a cuid ghníomhaíochtaí Poblachtánacha i mí Samhain na bliana 1923 agus bhí sí i gceannas an stailc ocrais sa phríosún.

Íomhá le cead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

[4] Senia Paseta, Constance Georgine Markievicz, i The Dictionary of Irish Biography, https://www.dib.ie/biography/markievicz-constance-georgine-a5452

Bhunaigh Éamon de Valera Fianna Fáil sa bhliain 1926. Chuaigh Markievicz isteach sa pháirtí nua agus toghaidh é in Olltoghchán na bliana1927. Go gairid ina dhiaidh sin, tar éis roinnt blianta breoiteachta, tugadh isteach san ospidéal í agus d'éag sí ar an 15 Iúil 1927. Bhí sí 59 bliain d'aois. Tuairiscíodh nuair a fuair sí bás gurbh i measc iad siúd a bhí i láthair bhí, 'An Cúnta Markievicz, a mhac, an tUasal de Valera, Bean Sheehy-Skeffington agus roinnt cairde eile.[5]' Tugadh cónra an Chuntaois Markievicz chuig an Rotunda i mBaile Átha Cliath Dé Sathairn ar an 16 Iúil. 'Bhí lucht mór i láthair ag mórshiúl na sochraide agus ghlac an-chuid ionadaithe poiblí páirt inti, chomh maith le ionadaíocht láidir ó na ceardchumainn.' Níor bhronn Saorstát Éireann sochraid stáit uirthi. Luigh sí faoi ghradam sa Rotunda thar oíche agus tugadh go dtí Reilig Glas Naíon í an lá dar gcionn, in éineacht le baill de Na Fianna agus bláthfhleasca á n-iompar acu. De réir rialacha adhlactha na reiligirí níor ceadaíodh adhlachtaí ar an Domhnach. Dá bhrí sin, cuireadh an cónra i cruinneachán in aice le Túr an Chonallaigh agus cuireadh an Chuntaois an lá dar gcionn.

Ba é Éamon de Valera a thug an óráid cois uaighe, ag tosú le, 'Tá Madame Markievicz imithe uainn; a Bhean Uasal, cara an oibrithe, grá geal na mbocht. Chuir sí éascacht agus céimíocht an tsaoil ar leataobh, agus ghlac sí bealach deacair na seirbhíse in éineacht leis na daoine laga agus leo siúd ar lagtrá.'[6]

Pléigh

Cé chomh cruinn agus a bhí do chuid freagraí agus breithiúnas faoi Ghrianghraf 3?

B'fhéidir gur fhreagair tú i leith:

Ceist 1: Tá daoine bailithe ann chun bláthfhleasca a leagan.

Ceist 3: Ar aithin tú Éamon de Valera?

Ceist 5: Ar thug tú faoi deara go raibh cuid acu sin atá bailithe níos óige ná an gnáthlucht a bhíodh ag freastal ar shocraid? Ba bhaill d'Fhianna Éireann iad seo, a bhunaigh an Chuntaois Markievicz.

[5] *The Irish Independent*, 15 *Iúil* 1927.
[6] *The Irish Independent*, 19 *Iúil* 1927.